

Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas 2026

I gcomhpháirtíocht leis an Scoil Ealaíne is Deartha, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Dé Sathairn an 7 Samhain 2026, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, an Scoil Ealaíne is Deartha

An Chearnóg Thoir, Campas Ghráinseach Ghormáin, Baile Átha Cliath, Éire

artsineducation.ie

ARTS IN EDUCATION
Na hEalaíona san Oideachas

SCEIDEAL AN CHLÁIR

9.15rn	**Clárú, tae & caife**
9.45rn – 10.15rn	**Seoladh Fáilte**
	John Walsh, Ceann na Scoile Ealaíne is Deartha, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Patrick Coffey, Comhalta de Choiste Eagarthóireachta Thairseach na nEalaíon san Oideachas.
10.15rn – 11.30rn	**Príomhimeacht: Plé Painéil**
	Plé le haoichainteoirí Jo Mangan, Stiúrthóir ar The Performance Corporation; Nathan Geszczak, abhcóide don óige agus ball de Ghiúiréithe Óige IS; Kate O'Shea, ealaíontóir ildisciplíneach pobalghhíomhach agus an Dr Suzanne Little, Ollamh i Scoil na Ríomhaireachta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Faoi chathaoirleacht Phil Kingston, Comhalta de Choiste Eagarthóireachta Thairseach na nEalaíon san Oideachas agus Bainisteoir Pobail agus Oideachais ag Amharclann na Mainistreach.
11.30rn – 11.55rn	**Sos**
11.55rn – 12.45in	**An Chéad Seisiún**
	Rogha 3 sheisiún comhthreomhara: 3 Cur i Láthair Ghairide, 1 Cur i Láthair, 1 Cheardlann Chruthaitheach
	Cuir i Láthair Ghairide: Let the idea grow, AI Can Generate, But Can It Create? agus Who Gets to Go to Space
	Cur i Láthair agus Plé: Sraith Faighteoirí Dámhachtainí Doiciméadúcháin Tairseach: Orpheus in the Garden
	Ceardlann Chruthaitheach: Soft Day
12.45in – 1.30in	**Lón**
1.30in – 2.20in	**An Dara Seisiún**
	Rogha 3 sheisiún comhthreomhara: 1 Cur i Láthair agus Plé, 2 Cheardlann Chruthaitheach
	Cur i Láthair agus Plé: Sraith Faighteoirí Dámhachtainí Doiciméadúcháin Tairseach: PlaySpaces
	Ceardlann Chruthaitheach: Sustained!
	Ceardlann Chruthaitheach: Houseplant Horror: Sound Foley as Creative Practice
2.30in – 3.20in	**An Tríú Seisiún**
	Rogha 3 sheisiún comhthreomhara: 2 Cur i Láthair agus Plé, 1 Cheardlann Chruthaitheach
	Cur i Láthair agus Plé: See Hear Play: Technology, AI & Inclusive Creativity
	Cur i Láthair agus Plé: Eng-AGE: Young at art
	Ceardlann Chruthaitheach: Poetry And Film: Embracing the Old and the New
3.30in – 4in	**Seoladh an Tuairisceora**
	Seoidín O'Sullivan, ealaíontóir, oideachasóir agus taighdeoir idirdhisciplíneach

SEOLADH FÁILTE

9.45RN – 10.15RN

John Walsh
Ceann na Scoile Ealaíne is Deartha, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Patrick Coffey
Comhalta de Choiste Thairseach Eagarthóireachta na nEalaíon san Oideachas



John Walsh



Patrick Coffey

Is dearthóir troscáin agus táirgí é John Walsh, buaiteoir roinnt gradam dearaidh idirnáisiúnta agus is iar-Uachtarán é ar Institiúid na nDearthóirí in Éirinn. Is é bunaitheoir CreateLAB in Ollscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath, é freisin, saotharlann taighde dearaidh fheidhmigh a thacaíonn leis an tionscal i bhforbairt táirgí nua.

Is Comhordaitheoir Náisiúnta é Patrick Coffey ag Oide, Teicneolaíocht san Oideachas ina stiúrann sé na tionscnaimh i ndáil Scoilnet agus le hÁbhar Digiteach thar ceann na Roinne Oideachais agus Óige. Tá ról lárnach ag Patrick, atá lonnaithe in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i dtairseach na nEalaíon san Oideachas ón bhfíorthús in 2015, agus bhí sé ina rannpháirtí sa Phobal Cleachtais, an straitéis cúig bliana (2023-2027) do Thairseach na nEalaíon san Oideachas.



PRÍOMHIMEACHT: PLÉ PAINÉIL

10.15RN – 11.30RN

Plé painéil leis na haoichainteoirí Jo Mangan, Stiúrthóir ar The Performance Corporation; Nathan Geszczak, abhcóide don óige agus ball de Ghiúiréithe Óige IS; Kate O'Shea, ealaíontóir ildisciplíneach pobalghhíomhach agus an Dr Suzanne Little, Ollamh i Scoil na Ríomhaireachta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Déanfaidh an painéal, a bheidh faoi chathaoirleacht Phil Kingston, comhalta boird de Thairseach na nEalaíon san Oideachas agus Bainisteoir Pobail agus Oideachais ag Amharclann na Mainistreach, plé ar théama na bliana seo, 'Is é an Todhchaí an Chruthaitheacht: An fáth a bhfuil na healaíona agus an chruthaitheacht san oideachas níos tábhachtaí ná riamh'.


Jo Mangan


Nathan Geszczak


Kate O'Shea


Dr. Suzanne Little


Phil Kingston

Is Stiúrthóir agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin The Performance Corporation í Jo Mangan, comhlacht amharclannaíochta, ceoldrámaíochta agus féile, chomh maith le saothair thumoideachais sa Réaltacht Leathnaithe. Áirítear ar an obair an Gradam Digiteach Fedora don cheoldráma Réaltachta Fíorúla Opera Out of the Ordinary (Ceoldráma Náisiúnta na hÉireann) agus an tionscadal réaltachta beo We Who Live Under Heaven ag Féile Ealaíon Chill Chainnigh agus Nemo Biennale, Páras. Bhunaigh sí The SPACE Programme, an clár cónaithe idirnáisiúnta d'ealaíontóirí is sine in Éirinn, ina ndírítear ar na healaíona agus ar theicneolaíocht thumthach. Mar eochairchainteoir ar an intleacht shaorga agus ar an gcruthaitheacht, rinne sí cur i láthair ag SXSW in Austin, agus tá sí ina ball de bhord Amharclann an Gheata agus den Líonra Idirnáisiúnta um Ealaíona Taibhithe Comhaimseartha.

Is déagóir seacht mbliana déag d'aois é Nathan a bhfuil dúil mhór aige sna healaíona, go háirithe i gceol agus in ealaín taithithe, ach sna healaíona ina n-iomláine mar sin féin. Tá sé bainteach lena amharclann áitiúil le blianta fada, ina léiríonn agus ina gcruthaíonn sé saothar, agus tá sé an-phaiseanta faoi shaincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar dhaoine óga. Bhíodh sé ina bhall de phainéil d'Ombudsman na Leanaí agus ina bhall de Chomhairle na nÓg tráth agus bíonn sé go mór ar son úsáid cheart IS agus chun feasacht a mhúscailt faoi na rioscaí a ghabhann léi.

Is ealaíontóir í Kate O'Shea a bhíonn ag plé le cúrsaí sóisialta agus a oibríonn i réimsí clódóireachta, cartlainne, suiteála, taibhithe, agus foilsithe, agus béim á cur aici ar an gcomhoibriú agus ar líonraí dlúthpháirtíochta a chothú. Sa bhliain 2026, chuir sí Mycelium i láthair ag VISUAL Carlow, suiteán tumthach a thug teicstílí, dealbhóireacht, glór agus leabhair a chruthaigh an t-ealaíontóir féin, rud a léirigh céim shuntasach ina tionscadal fadtéarmach Mycelium. Cartlann de Chartlanna agus Cartlannaithe Sa bhliain 2025, ghlac sí páirt i malartú cónaitheachta idir Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann (IMMA) agus Ionad Ealaíon Fremantle, atá suite ar thalamh Whadjuk Noongar Boodjar i Walyalup, in Iarthar na hAstráile, áit ar fhorbair sí JUMP CUTS leis an ealaíontóir agus ailtire Aideen O'Donovan. Is comhbhunaitheoir í ar an gcomhchoiste trasdisciplíneach Broken Fields, ar an teach foilsitheoireachta Durty Fields agus ar an ngléas soghluaiste priontála FieldPress.

Is ollamh í Suzanne Little i Scoil na Ríomhaireachta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Príomh-Imscrúdaitheoir SFI in Ionad Taighde Insight le haghaidh Anailísíocht Sonraí; oibríonn sí i réimse na hanailísíochta meán, chomh maith le rochtain ar fhaisnéis agus aisghabháil, thar réimse leathan raon feidhme. Chríochnaigh sí a PhD in Ollscoil Queensland san Astráil sa bhliain 2006, áit ar scrúdaigh agus ar fhorbair sí uirlisí chun sonraí ilmheán eolaíochta a anailísiú agus a bhainistiú. D'oibrigh sí ar roinnt tionscadal de chuid an Aontais Eorpaigh i réimsí amhail ilmheáin, oideachas atá breisithe ag an teicneolaíocht, slándáil, agus feithiclí neamhspleácha agus mórshonraí. Is comhstiúrthóir í an tOllamh Little ar Ionad SFI um Oiliúint Taighde san Intleacht Shaorga (CRT-AI) agus is Imscrúdaitheoir Maoinithe í in Ionad Ard-Mhonaraíochta iForm. Tá saineolas aici in anailís físe, cuardach séimeantach agus comhtháthú sonraí agus áirítear ar a taighde reatha tionscadail a scrúdaíonn claontacht i múnlaí domhainfhoghlama le haghaidh fís ríomhaireachta, sábháilteacht i micrea-shoghluaiseacht agus iompar pearsanta, anailís fheabhsaithe ar íomhánna leighis, sonraí bithleighis agus díshalannú uisce.

SOS **11.30RN – 11.55RN**

AN CHÉAD SEISIÚN

11.55RN – 12.45IN

Cuir i Láthair Ghairide

Let the Idea Grow



Cristin Kelly

Cuirfidh Cristín Kelly, Léachtóir Cúnta san Oideachas ag Institiúid Oideachais Marino, Let the idea grow, i láthair, cur i láthair ina ndéantar iniúchadh ar an méid a tharlaíonn idir spreagadh tosaigh agus an nóiméad a théann páiste i mbun cruthaithe? Ag baint leas as guthanna na bpáistí, déantar iniúchadh sa chur i láthair sin ar an spás, a ndéantar neamhaird de go minic, idir inspioráid agus cruthú, agus breithnítear ann freisin ar an dóigh ar féidir le ham agus deiseanna chun bheith ag smaoineamh, dáimh a dhéanamh, iniúchadh a dhéanamh agus filleadh ar smaointe tacú le smaointeoireacht chruthaitheach páistí.

AI Can Generate, But Can It Create?



Vlad Glaveanu

Cuirfidh Vlad Glaveanu, Ollamh le Síceolaíocht i Scoil Ghnó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an cur i láthair AI Can Generate, But Can It Create? i láthair ansin. Ní hionann ábhar a ghiniúint agus ábhar a chruthú. Sa chur i láthair sin, ceistítear éilimh maidir le cruthaitheacht IS, trí scrúdú a dhéanamh ar an dóigh ar féidir an tábhacht a bhaineann le brí, idirghníomhú le hábhair, forbairt scileanna agus an áit a dhoiléiriú le haschuir shnasta. Críochnaíonn sé trí iniúchadh a dhéanamh ar an bhfáth a bhfuil oideachas na ceardaíochta agus na n-ealaíon níos tábhachtaí ná riamh.

Who Gets to Go to Space



Helen Flanagan

Cuirfidh an t-ealaíontóir Helen Flanagan Who Gets to Go to Space i láthair, tionscadal a cruthaíodh faoi chuimsiú Inchicore Children's Broadcasting, craoltóir seirbhíse poiblí faoi stiúir páistí, i gcomhar le páistí scoile i mBaile Átha Cliath 8 agus i mBaile Formaid. Thug cuireadh leis an tionscadal do na páistí a bhí rannpháirteach le machnamh a dhéanamh ar chumhacht an ionaidh agus an iontais agus iarracht á déanamh radharc ar an Domhan a ghabháil ó imeall an Spáis.

Cur i Láthair agus Plé:

Sraith Faighteoirí Dámhachtainí Doiciméadúcháin Tairseach: Orpheus in the Garden



Dee Isaacs



Sharon Rollston

In Orpheus in the Garden, léiriú de chuid Music Network, tugadh 34 dalta ó dhá scoil DEIS le chéile chun comhoibriú le healaíontóirí agus ceoltóirí gairmiúla in iniúchadh spreagúil ar ghéarchéim na bithéagsúlachta trí cheol beo. Faoi stiúir an chumadóra Dee Isaacs, bhain an tionscadal le rannpháirtíocht scoláirí i sraith ceardlanna cruthaitheacha agus oideachais thar roinnt míonna. Chríochnaigh an tionscadal le cruthú agus léiriú bunsaothair ceoldrámaíochta ag Garraithe Náisiúnta na Lus, Glas Naíon, Tabharfaidh Sharon Rollston, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Music Network, agus an cumadóir Dee Isaacs a léargas ar a n-eispéiris ó fhorbairt go cur i gcrích tionscadail ealaíne mórscála i gcomhar le scoileanna.

Chun tuilleadh a léamh faoin gcéad seisiún, cliceáil anseo le do thoil:
https://artsineducation.ie/en/2026-national-portal-day-first-session

AN CHÉAD SEISIÚN

11.55RN – 12.45IN

Ceardlann Chruthaitheach

Soft Day



Susan Leen

In Soft Day, treorófar na rannpháirtithe maidir le báisteach a iniúchadh mar lionsa cruthaitheach chun plé leis an athrú aeráide sa chomhthéacs oideachais. Sa saothar sin, úsáidfidh an t-ealaíontóir Susan Leen an bháisteach mar ábhar agus mar shuibiacht araon, ag baint leas as béaloideas na haimsire in Éirinn, teanga áitiúil, breathnóireacht, agus sonraí comhaimseartha aeráide chun ceist a chur faoin dóigh bhfuil ár ngaol leis an aimsir ag athrú. Trí bhreathnóireacht na gcéadfaí, déanfaidh na rannpháirtithe turgnamh le marc-chruthú, mapáil agus freagairtí amhairc comhoibríocha. Cuirtear béim sa cheardlann ar chuimsiú agus láraítear guthanna na bpáistí agus cuir chuige eolaíocha, chultúrtha agus shamhlaíocha á gcomhtháthú. Fágfaidh an lucht freastail le straitéisí praiticiúla, saothair ealaíne shamplacha, agus smaointe úra chun páistí agus daoine óga a spreagadh chun dáimh a bheith acu lena dtimpeallacht áitiúil agus saincheisteanna aeráide go comhchoiteann tríd an ealaín.

Chun tuilleadh a léamh faoin gcéad seisiún, cliceáil anseo le do thoil:
https://artsineducation.ie/en/2026-national-portal-day-first-session

LÓN

12.45IN – 1.30IN







AN DARA SEISIÚN 1.30IN – 2.20IN

Cur i Láthair agus Plé

Sraith Faighteoirí Dámhachtainí Doiciméadúcháin Tairseach: PlaySpaces


Chris Finnegan


Susan Holland

Cad a tharlaíonn nuair a thugtar fíorchumhacht chinnteoireachta do pháistí faoi na spásanna a úsáideann siad? Is tionscadal ilbhliantúil é PlaySpaces inar dhear páistí ar fud Chathair Chorcaí spásanna súgartha do pháistí amháin, idir cheardlanna luatha i mBunscoil Chlochar Naomh Uinseann agus chonair súgartha phoiblí a sheolfar ag Féile Lár Samhraidh Chorcaí in 2026. Faoi stiúir an ealaíontóra Chris Finnegan agus an choimeádaí Susan Holland, déantar iniúchadh sa seisiún sin ar an dóigh a n-oibríonn dearadh agus comhoibriú faoi stiúir páistí sa chleachtas: ag dul níos faide ná comhairliúchán aonuaire, ag obair i scoileanna éagsúla, ionaid iarscoile agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas, agus ag tabhairt smaointe ar ais do na páirtí arís agus arís eile. Is féidir le rannpháirtithe a bheith ag súil le léargas praiticiúla, scéalta ón bpróiseas, agus spás chun a gcleachtas rannpháirteach féin a phlé.

Ceardlann Chruthaitheach

Sustained!


Gillian Grattan

Is ceardlann spraíúil phraiticiúil drámaíochta é Sustained, ina ndéantar iniúchadh ar an inbhuanaitheacht trí scéalaíocht, samhlaíocht agus léiriú. Úsáideann Gillian Grattan, drámadóir agus scríbhneoir scripte scannáin, a bhfuil duaiseanna buaite aici, drámaíocht agus greann chun rannpháirtithe a spreagadh chun iniúchadh a dhéanamh ar na scéalta atá taobh thiar de roghanna laethúla agus a dtionchar ar dhaoine, ar phobail agus ar an timpeallacht. Trí chluichí drámaíochta, gluaiseacht, tobchumadóireacht agus amharclannaíocht chumtha, déanann na rannpháirtithe iniúchadh ar aincheisteanna inbhuanaitheachta, cruthaíonn siad carachtair agus radhairc ghairide, agus déanann siad iniúchadh ar pheirspictíochtaí agus ar chuimhneacháin éagsúla athraithe. Spreagann an cheardlann fiosracht, comhbhá, smaointeoireacht chriticiúil, cumarsáid agus réiteach fadhbanna cruthaitheach. In áit freagraí socraithe a sholáthar, tugtar spás in Sustained do rannpháirtithe an cheist “Cad a tharlódh dá mba rud é?” a chur, todhchaíochtaí féideartha a shamhlú agus iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a bhféadfadh amharclannaíocht comhráite fiúntacha a chruthú faoi shaincheisteanna sa saol mar atá.

Ceardlann Chruthaitheach

Houseplant Horror: Sound Foley as Creative Practice


Isabel Gill

Bígí i gcuideachta Isabel Gill, múinteora ealaíne agus deartha don imeacht Houseplant Horror, ina dtugtar isteach Foley mar chleachtas cruthaitheach trí rólghlacadh, turgnamh agus fuaim. Déantar ealaíontóirí Foley de na rannpháirtithe agus samhlaíonn siad cad a bhféadfadh eagla a bheith ar phlanda tí roimh. I ngrúpaí beaga, déanann siad iniúchadh ar ábhair laethúla agus ábhair nach mbeifí ag súil leo, amhail ithir, clocha, uisce, buidéil, coirníní agus plaistigh chun fuaimeanna a chruthú lena n-insítear scéal uafáis gairid ó dhearcadh an phlanda. Tá an cheardlann tadhlach, comhoibríoch agus díríonn sí ar insint scéalta gan focail. Tugtar cead inti do rannpháirtithe a bheith glórach, míshlachtmhar agus fiosrach.

Chun tuilleadh a léamh faoin dara seisiún, cliceáil anseo le do thoil:
https://artsineducation.ie/en/2026-national-portal-day-second-session

AN TRÍÚ SEISIÚN 2.30IN – 3.20IN

Cur i Láthair agus Plé

See Hear Play: Technology, AI & Inclusive Creativity


Fidelma Morris


Karl O'Keeffe

Bígí i gcuideachta Fidelma Morris, múinteoir bunscoile, agus Karl O'Keeffe, saineolaí teicneolaíochta cúnta, don tionscadal See Hear Play (SHP), tionscnamh de chuid Chumas Éireann a úsáideann teicneolaíocht chúnta cheoil chun tacú le rannpháirtíocht chruthaitheach i measc daltaí a bhfuil riachtanais tacaíochta coirp agus/nó cognaíche acu. Ag baint leas as dhá chéim d'fhorbairt tionscadail agus as cúrsa nuafhorbartha do mhúinteoirí EVA-cheadaithe, cuirtear príomhthorthaí, aiseolas ó rannpháirtithe, agus samplaí praiticiúla de dhéanamh ceoil inrochtana ar fáil. Leagtar béim sa seisiún freisin ar an dóigh ar féidir le teicneolaíocht chúnta agus le IS tacú le pleanáil na n-ealaíon cuimsitheach, teagasc agus foghlaim na n-ealaíon cuimsitheach agus forbairt acmhainní i suíomhanna oideachais.

Cur i Láthair agus Plé

Eng-AGE: Young at art


Ciarna Hackett


Paula Mongey


Fiona Mason

Cad a tharlaíonn nuair a chruthaíonn déagóirí agus daoine fásta níos sine taobh le taobh? Le EngAGE – Young at Art, tugadh scoláirí ón Idirbhliain i gColáiste Pobail Kingswood le chéile le cónaitheoirí ó TrustUs Senior Care, trí chruthaitheacht, dáimh agus eispéireas roinnte. Inseoidh Paula Mongey, ealaíontóir ildisciplíneach agus oideoir ealaíon, Ciarna Hackett, ealaíontóir (Kiki na Art), agus Fiona Mason, múinteoir ceoil, chomh maith le scoláirí agus cónaitheoirí, scéal an tionscadail agus an tábhacht a bhain leis dóibh.

Trí ealaín, drámaíocht, damhsa, amhránaíocht agus filíocht, d'fhás pobal. Leis an tionscadal, cruthaíodh dáimh idir ionad cúraim, scoil, ealaíontóirí, múinteoirí agus an pobal i gcoitinne, rud a chruthaigh deiseanna do ghlúnta éagsúla bualadh le chéile, rudaí a roinnt agus rudaí a chruthú le chéile. Ina chroílár, is scéal é sin faoi dháimh agus faoi phobal, agus faoin méid a d'fhéadfadh tarlú nuair a infheistímid i gcruthaitheacht daoine óga, agus nuair a chruthaímid na naisc a fhágann gur féidir an chruthaitheacht sin a roinnt. Is scéal é freisin faoi chairdeas a cothaíodh thar na glúnta, agus cuid de fós ann inniu.

Ceardlann Chruthaitheach

Poetry And Film: Embracing the Old and the New


Jonathan Farrelly

Sa cheardlann phraiticiúil sin, taispeánann Jonathan Farrelly, scríbhneoir agus stiúrthóir, an dóigh a bhfuil ceird thraidisiúnta na filíochta fite fuaite leis na meáin amhairc chun guth na scoláirí a neartú. Foghlaimeoidh rannpháirtithe conas a fheidhmíonn filíocht chlasaiceach, atá fréamhaithe i mothúchán, rithim, agus féiniúlacht áitiúil, mar bhonn le hinnealtóireacht treoracha don scéalaíocht amhairc chomhaimseartha. Trí phróiseas céim ar chéim, aistreoidh na rannpháirtithe an focal labhartha go mionscéal cineamatach, le huirlisí scannánaíochta fón cliste inrochtana agus uirlisí eagarthóireachta saor in aisce. Agus meáin dhigiteacha á gcur i láthair mar chanbhás seachas iad a chur in áit in áit léirithe, áirítear sa seisiún cleachtadh micri-scríbhneoireachta agus mearchlár scéala. Fágfaidh oideoirí le creat praiticiúil chun litearthacht dhigiteach a chothú, muinín aeistéitiúil a fhorbairt, agus tacú le cruthaitheacht an duine i ré na huathoibrithe.

Chun tuilleadh a léamh faoin tríú seisiún, cliceáil anseo, le do thoil:
https://artsineducation.ie/en/2026-national-portal-day-third-session

SEOLADH AN TUAIRISCEORA

3.30IN – 4IN

Seoidín O'Sullivan

Ealaíontóir, oideachasóir agus taighdeoir idirdhisciplíneach



Seoidín O'Sullivan





Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas 2026

I gcomhpháirtíocht le Scoil Ealaíne agus Dearaidh Ollscoil na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Sonraí an ghrianghrafadóra
Leathanach 1, 3, 7 & 9: Ewa Figaszewska,
Lá Náisiúnta Thairseach na nEalaíon san Oideachas
2025
Leathanach 8: Éilís Murphy, 2026 Lá Réigiúnach na nEalaíon san Oideachas

#AIENATDAY
#AIEPORTAL
@ARTSEDPORTAL_IE

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
TU DUBLIN
Technological University Dublin

kids' own
Publishing Partnership